Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 25 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10027/18**

**COAFR 160**
**MOG 38**
**MAMA 94**
**CFSP/PESC 596**
**CSDP/PSDC 359**
**COHAFA 46**
**COHOM 87**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Corn na hAfraice/An Mhuir Rua<br>- Conclúidí ón gComhairle (25 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Corn na hAfraice/an Mhuir Rua, a glacadh ag an 3628ú cruinniú de chuid na Comhairle ar an 25 Meitheamh 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Corn na hAfraice/an Mhuir Rua**

**[An Mhuir Rua]**

1. Tá dhá chósta na Mara Rua tar éis éirí ríthábhachtach, ó thaobh na geopholaitíochta agus na straitéise, maidir leis an trádáil dhomhanda, fás eacnamaíoch réigiúnach agus cobhsaíocht fhoriomlán an réigiúin. Leis na forbairtí is déanaí sa réigiún máguaird taispeánadh go soiléir na hidirnaisc agus na hidirthuilleamaíochtaí trasna na Mara Rua, mar gheall orthu tá sé práinneach agus tráthúil naisc a athbheochan agus comhphobal leasanna comhroinnte a thógáil i ndáil leis an tráchtáil, an infheistíocht agus an tslándáil. Tá an tAontas Eorpach réidh teagmháil a dhéanamh leis na gníomhaithe ábhartha ar fad agus páirt a ghlacadh in iarracht den sórt sin.

2. Tá an chobhsaíocht i gCorn na hAfraice agus an tsaoirse loingseoireachta ón Aigéan Indiach tríd an Muir Rua go dtí an Mheánmhuir ríthábhachtach don Eoraip; ach tá siad sin á gcur i mbaol ag a bhfuil ag tarlú mar thoradh ar fhorbairtí i réigiún na Mara Rua. Tá rioscaí laistigh den réigiún ag méadú, agus d'fhéadfadh iarmhairtí domhanda a bheith acu, mar thoradh ar an gcuardach ar thionchar agus ar shócmhainní straitéiseacha, mar aon le míleatú méadaitheach chósta na Mara Rua. Tá an choinbhleacht in Éimin ag cur leis an teannas réigiúnach agus is bagairt í ar shábháilteacht a gcomharsana, agus ag an am céanna is cúis iarmhairtí móra daonnúla í a d'fhéadfadh tuilleadh easáitiú daonra a bheith ann mar thoradh orthu, laistigh den tír agus sa réigiún níos leithne araon. Anuas ar an ngéarchéim leanúnach sa Mhurascaill, tá tionchar díreach ionchasach aige seo ar an staid slándála agus an chobhsaíocht fhadtéarmach ar an Muir Rua agus máguaird.

3. Bheadh comhar méadaithe, agus ní an iomaíocht, chun leas na síochána, na slándála agus na forbartha sa réigiún níos leithne. In éagmais fóram réigiúnach atá eagraithe agus cuimsitheach le haghaidh plé agus comhar thart ar an Muir Rua, cuirtear bac ar dhul chun cinn maidir le réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear lánpháirtiú eacnamaíoch agus síocháin agus slándáil réigiúnach. Léirítear an gá le fóram den sórt sin le tábhacht lána loingseoireachta na Mara Rua, éifeacht iarmharta na géarchéime sa Mhurascaill agus na coinbhleachta in Éimin, agus leochaileacht leanúnach ar fud Chorn na hAfraice. I bhfianaise thiomantas na hEorpa, agus an infheistíocht atá déanta aici i rathúnas agus cobhsaíocht sa réigiún, spreagaimid fóram den sórt sin a chruthú mar ábhar práinne.

4. Neartóidh an tAontas a rannpháirtíocht leis na tíortha go léir i réigiún na Mara Rua agus le gníomhaithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta ábhartha eile, chun idirphlé a spreagadh agus obair a dhéanamh chun tionchair dhiúltacha ar chobhsaíocht réigiúnach a mhaolú. D'fhéadfaí a áireamh sna réimsí rannpháirtíochta *inter alia*: coinbhleachtaí a chosc, an tslándáil mhuirí, cosaint an chomhshaoil, trádáil idir-réigiúnach, bonneagar agus forbairt na gcalafort, an geilleagar gorm a chur chun cinn, an tslándáil bia, soghluaisteacht dhaonna trasna na Mara Rua, agus dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhrialta. Tá aird ar leith de dhíth ar an gcomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta, smuigleáil earraí agus gáinneáil ar dhaoine, tionchar domhanda na coireachta eagraithe agus an antoisceachais fhoréignigh. Leis an gcomhar maidir le slándáil mhuirí, cuirfear le Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh agus a Plean Gníomhaíochta, na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chuige comhtháite an Aontais i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna i gCorn na hAfraice, chomh maith le hobair Oibríocht Atalanta, EUCAP na Somáile agus an grúpa teagmhála i ndáil le píoráideacht amach ó Chósta na Somáile, a rannchuidigh go mór leis an bpíoráideacht a chomhrac.

**[Corn na hAfraice]**

5. Tá tábhacht gheopholaitiúil agus eacnamaíoch Chorn na hAfraice tar éis méadú, as a dtagann deiseanna nua do na tíortha sa réigiún agus dá gcomhpháirtithe. Le deich mbliana anuas, tá céimeanna móra glactha ag an Aontas - tríd an idirphlé polaitiúil agus trí rannpháirtíocht ghníomhach, trí mhisin faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) agus trí chúnamh spriocdhírithe don chomhar forbartha - chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don tsíocháin, don chobhsaíocht agus don fhás agus rathúnas inbhuanaithe agus cuimsitheach i gCorn na hAfraice. Leanfaidh an tAontas ag obair i dtreo comhar idir na comhpháirtithe ar fad le comhpháirtithe ar fud an réigiúin, ag baint úsáid as na hionstraimí uile atá ar fáil.

6. Is cúis mhór imní don Aontas é a dhéine atá an ghéarchéim dhaonnúil i gCorn na hAfraice, go háirithe maidir le slándáil bia, deiseanna slí beatha agus rochtain ar uisce, i réigiún atá faoi réir tubaistí nádúrtha arís is arís eile, athrú aeráide, coinbhleachtaí ar mhórscála agus easáitiú éigeantach. Mar an soláthraí is mó cúnaimh dhaonnúil, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a chur ar fáil do na milliúin daoine leochaileacha atá thíos d'fhonn a dteacht aniar a neartú. Iarrann an tAontas ar na rialtais atá i gceannas dlús a chur leis an gcúnamh tarrthála agus leis an gcosaint a thabhairt, lena n-áirítear freagairt a thabhairt ar ábhair imní i ndáil le foréigean gnéis agus ar fhoréigean inscnebhunaithe, go háirithe don 4 mhilliún dídeanaí, an 10 milliún duine atá easáitithe ina dtír féin, a bpobail óstacha, mná, leanaí, chomh maith le daoine atá faoi mhíchumas.

7. Acmhainn réigiúnach a fhorbairt chun slándáil, síocháin agus rathúnas a chur chun cinn atá i gcroílár na straitéise domhanda do Bheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais. Tá an tAontas ag tacú le fada leis an Údarás Idir-Rialtasach ar Fhorbairt (IGAD) agus a fhís atá aige a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh an tsíocháin, an tslándáil agus an lánpháirtíocht chuimsitheach a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag comhoibriú le ceannairí IGAD agus spreacadh á dhéanamh acu ar a struchtúr agus ar a bhallraíocht agus tionchar a imirt ar a thosaíochtaí agus a shainordú ionas go mbeidh sé ina ionstraim éifeachtach a bheidh in ann freagairt chomhpháirteach a áirithiú ar na dúshláin dhomhanda nua atá ann don réigiún.

8. Spreagann an tAontas gach comhpháirtí idirnáisiúnta, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Afracach agus Léig na nArabach, chun gach iarracht a dhéanamh chun cobhsaíocht agus rathúnas an réigiúin ina iomláine a threisiú. Leagann an tAontas Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh dlúthchomhordú idirnáisiúnta agus réigiúnach ann, go háirithe trí obair Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice, d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach níos fearr.

9. Tá a bhfuil i ndán don réigiún suite i ngealltanas chun cearta an duine, saoirsí bunúsacha, daonlathas, dea-rialachas, cobhsaíocht agus slándáil do chách a urramú, chomh maith leis an bhfás inbhuanaithe agus comhtháthú eacnamaíoch ar an leibhéal réigiúnach. Is iad seo na prionsabail lena dtreoraítear rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh le réigiún Chorn na hAfraice. I ndáil leis an méid sin, molann an tAontas na bearta nithiúla a rinne ceannaireacht na hAetóipe le déanaí i dtreo cuimsitheacht mhéadaithe le tuilleadh saoirse polaitiúla agus athchóirithe, agus tá sé réidh le tacú le hiarrachtaí leanúnacha. Is díol sásaimh don Aontas freisin na céimeanna tábhachtacha sa Chéinia, agus spreagann sé an dá thír leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh i gcomhlíonadh na bprionsabal sin, lena n-áirítear ar athchóiriú toghcháin, agus na dúshláin intíre á réiteach go daingean acu. Tá an bonn ag an dá náisiún chun todhchaí dhinimiciúil a bhaint amach lena bhféadfar caighdeán a leagan síos don réigiún ar fad. Iarrann an tAontas ar thíortha an réigiúin ar fad, agus próisis bhunreachtúla, toghcháin agus chobhsaíochta á saothrú acu, ceachtanna a fhoghlaim ón taithí sin agus a ndíospóidí inmheánacha a réiteach. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé réiteach inbhuanaithe, cuimsitheach síochána a bhaint amach a mbeidh sábháilteacht, slándáil agus deireadh le fulaingt mhuintir na Súdáine Theas mar thoradh aige, agus sa chomhthéacs sin, leanfaidh sé leis an teagmháil le húdaráis na Súdáine Theas agus le IGAD, lena n-áirítear tríd an bhFóram Ardleibhéil Athnuachana.

10. Tá an tSomáil, croílár na héagobhsaíochta i gCorn na hAfraice le fada an lá, ag bogadh i dtreo athrú fóinteach. Tá an méid sin le tarlú a bhuí leis na hiarrachtaí le déanaí a rinne Rialtas Cónaidhme na Somáile agus Ballstáit Chónaidhme, lena n-áirítear Comhairle Náisiúnta Slándála a thionól i mí an Mheithimh den chéad uair ó mhí Feabhra 2018 chomh maith le ról ríthábhachtach Mhisean an Aontais Afracaigh sa tSomáil (AMISOM) chun spás don tslándáil a chur ar fáil. Thug an tAontas cabhair shuntasach don tSomáil agus í ag teacht amach as coinbhleacht a mhair tamall fada agus tá rún daingean aige leanúint lena rannpháirtíocht láidir. Tá sé ríthábhachtach go ngabhann an tSomáil úinéireacht chuici féin tuilleadh chun a áirithiú go leanfar leis na forbairtí dearfacha sin, ar leibhéal na cónaidhme agus ar an leibhéal réigiúnach. Ar an 16-17 Iúil 2018 tá sé beartaithe ag an gcomhphobal idirnáisiúnta teacht le chéile le haghaidh Fhóram Comhpháirtíochta na Somáile sa Bhruiséil. Leanann sin ar ghealltanais a rinneadh ag Comhdháil na Somáile a bhí ar siúl i Londain i mí Bealtaine 2017 agus fóram comhpháirtíochta na Somáile (SPF) i Mogaidisiú i mí na Nollag 2017. Beidh deis ann ag SPF aird a tharraingt ar an dul chun cinn a rinneadh sa tSomáil, tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo a leagan síos agus gealltanais a dhéanamh athchóirithe polaitiúla a chur i gcrích, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an mbunreacht agus toghchán 'vóta amháin don duine' a reáchtáil in 2020/2021, próiseas náisiúnta athmhuintearais, chomh maith le téarnamh geilleagrach, athchóiriú na hearnála slándála agus an freagra daonnúil. Is díol sásaimh don Aontas an toradh a bhí ar chruinniú na n-oifigeach sinsearach ag cruinnithe an earraigh de chuid an Bhainc Dhomhanda i mí Aibreáin 2018 a chuaigh i dtreo normalú le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais chun rochtain a fháil ar na margaí airgeadais idirnáisiúnta agus, i ndeireadh na dála, faoiseamh fiachais. Tacaíonn an tAontas go tréan leis an bplean aistrithe céimithe, coinníollacha-bhunaithe chun freagrachtaí slándála a aistriú ó AMISOM chuig fórsaí slándála na Somáile, le spriocdhátaí soiléire agus le maoiniú inbhuanaithe do AMISOM. Iarrann an tAontas ar chomhpháirtithe uile na Somáile san Afraic, go háirithe na tíortha in AMISOM, i mór-réigiún an Mheánoirthir agus níos faide i gcéin a chuir trúpaí ar fáil, tacú leis an tSomáil - ar bhealach cuimsitheach, trédhearcach, comhordaithe - ina cuid iarrachtaí chun an tír a atógáil agus an tslándáil a neartú chun tairbhe mhuintir na Somáile ar fad.

11. Sa chomhthéacs geopholaitiúil nua sin, tá sé ríthábhachtach go réiteofaí na difríochtaí atá ann le fada idir an Aetóip agus an Eiritré chun cobhsaíocht agus forbairt fhoriomlán a bhaint amach i gCorn na hAfraice. Is díol sásaimh don Aontas an fógra a thug an comhrialtas ceannasach san Aetóip le déanaí go ndéanfaidh sé Comhaontú Chathair na hAilgéire agus an cinneadh ón gcoimisiún teorann a chur chun feidhme ina n-iomláine, chomh maith le cinneadh sin na hEiritré toscaireacht a chur chuig Addis Ababa, agus iarrann sé ar na páirtithe leasmhara uile rannchuidiú leis an bpróiseas ar bhealach cuiditheach. Mar fhinné ar Chomhaontú Síochána Chathair na hAilgéire, tá an tAontas réidh i gcónaí cabhrú leis an Aetóip agus an Eiritré agus iad ag dul i dtreo an athmhuintearais.

12. Abhainn thábhachtach ó thaobh na polaitíochta, na heacnamaíochta agus na staire is ea an Níl. Tá uiscí na Níle mar fhoinse rathúnais chomhchoiteann don 11 thír thart ar an abhantrach. In éagmais comhair agus comhordaithe, áfach, d'fhéadfadh iomaíocht i ndáil le húsáid na habhann cur leis an teannas atá ag méadú sa réigiún. I bhfianaise ardleibhéal fhás an daonra sa réigiún agus éifeachtaí an athraithe aeráide, is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na tíortha páirt a ghlacadh in idirphlé maidir leis na bealaí is fearr comhoibriú agus teacht ar chomhthuiscint maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh. Is díol sásaimh don Aontas freisin an plé tríthaobhach leanúnach atá ar siúl idir an Éigipt, an Aetóip agus an tSúdáin maidir le Damba Mhór-Athbheochan na hAetóipe. Tá an tAontas réidh i gcónaí páirt a ghlacadh chun tacú le comhar breise ar an Níl, arna iarraidh sin ag na páirtithe uile.